



An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026
(OR. en)

8824/26

ENER 213
FISC 158
ECOFIN 561
COMPET 516
ENV 443
IND 301

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Aibreán 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 2852 final
Ábhar:	MOLADH ÓN gCOIMISIÚN an 30.4.2026 maidir le custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a chosaint ar dhíscor fuinnimh agus le linn céimniú amach gáis nádúrtha a phleanáil agus a chur i gcrích nó nuair atá líonraí dailte gáis nádúrtha á ndíchoimisiúnú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2852 final.

Faoi iamh: C(2026) 2852 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
C(2026) 2852 final

MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

an 30.4.2026

maidir le custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a chosaint ar dhíscor fuinnimh agus le linn céimniú amach gáis nádúrtha a phleanáil agus a chur i gcrích nó nuair atá líonraí dáilte gáis nádúrtha á ndíchoimisiúnú

{SWD(2026) 126 final}

MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

an 30.4.2026

maidir le custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a chosaint ar dhíscor fuinnimh agus le linn céimniú amach gáis nádúrtha a phleanáil agus a chur i gcrích nó nuair atá líonraí dáilte gáis nádúrtha á ndíchoimisiúnú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tarlaíonn díscor fuinnimh nuair a ghearrtar seirbhísí fíor-riachtanacha fuinnimh ar theaghlach amhail soláthar leictreachais nó gáis. Is minic gur toradh é ar neamhioc billí, rud is féidir a chur i leith meascán tosca a bhfuil dlúthbhaint acu leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear ioncam íseal, costais arda fuinnimh, agus rochtain neamhleor ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh agus ar mhaoiniú.
- (2) Tugadh isteach cosaint ar dhíscor fuinnimh agus toirmeasc air le linn tréimhsí criticiúla den chéad uair in 2009, agus neartaíodh é le Treoir (AE) 2019/944¹ agus treisíodh a thuilleadh í le Treoir (AE) 2024/1711² agus Treoir (AE) 2024/1788³, agus é mar chuspóir leis sin a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir ar sheirbhísí fuinnimh fíor-riachtanacha, le forálacha nua agus oibleagáidí soláthróirí maidir le cearta agus cosaint tomhaltóirí.
- (3) Tá rochtain ar thithíocht agus ar sheirbhísí fíor-riachtanacha fuinnimh ina réamhchoinníoll don cheart chun caighdeán cuibhiúil maireachtála, mar a aithnítear i bPrionsabail 19 agus 20 de Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sa Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne⁴. Dá bhrí sin, trí chosaint ar dhíscor a áirithiú, rannchuidítear go díreach le cuspóirí sóisialta an Aontais agus le cur chun feidhme iomlán an phrionsabail sin.
- (4) Mar a cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht maidir leis an bplean gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne⁵, tá costais arda fuinnimh ag cur teorainn le cumas líon

¹ Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE, IO L 158, 14.6.2019, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj>.

² Treoir (AE) 2024/1711 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dheardh an mhargaidh leictreachais san Aontas, IO L, 2024/1711, 26.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1711/oj>.

³ Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margáí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE, IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj>.

⁴ *An Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne - Tithíocht - an Coimisiún Eorpach, COM(2025) 1025 final, 16.12.2025.*

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh

méadaitheach Eorpach a mbillí fuinnimh a íoc. Áirítear leis sin custaiméirí leochaileacha, a chaitheann sciar díréireach níos airde dá n-ioncam ar fhuinneamh, agus go leor daoine ar mheánioncaim.

- (5) Cumhdaítear leis an moladh seo ‘bochtaineacht fuinnimh’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 52 de Threoir (AE) 2023/1791⁶ agus ‘custaiméirí leochaileacha’ dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2019/944⁷ agus Airteagal 26 de Threoir (AE) 2024/1788⁸. D’fhoilsigh an Coimisiún dhá mholadh⁹ maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh, a bhaineann le custaiméirí leochaileacha freisin.
- (6) Le hAirteagal 10(11) de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 11(10) de Threoir (AE) 2024/1788, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh soláthróirí fuinnimh faisnéis leordhóthanach do chustaiméirí teaghlaigh maidir le bearta malartacha ar an díscor fada go leor roimh aon díscor atá beartaithe. Féadfaidh bearta malartacha den sórt sin tagairt a dhéanamh d’fhoinsí tacaíochta chun díscor a sheachaint, do chórais réamhíocaíochta, d’iniúchtaí fuinnimh, do sheirbhísí comhairliúcháin fuinnimh, do phleananna íocaíochta malartacha, do chomhairle faoi bhainistiú fiach nó do mhoratóirí ar dhíscor agus ní bheidh costas breise ar na custaiméirí a bhfuil an díscor ag tarlú dóibh i gceist leo. Tá cleachtais éifeachtacha curtha chun feidhme cheana féin ar fud an Aontais, agus is féidir iad a mhacasamhlú agus a uas-scalú chun na custaiméirí is leochailí a chosaint i gcás ina mbraithfeadh siad – dá mbeadh méadar réamhíocaíochta á úsáid acu, go mbeadh iallach orthu díscor a dhéanamh iad féin – agus rochtain leanúnach ar fhuinneamh a áirithiú.
- (7) Tá sé fíor-riachtanach forálacha an Aontais maidir le custaiméirí leochaileacha agus an bhochtaineacht fuinnimh a thrasú go tráthúil, go háirithe Airteagal 28a de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 28 de Threoir (AE) 2024/1788, chun cur chuige cuimsitheach a áirithiú maidir le teaghlaigh leochaileacha a chosaint ar dhíscor fuinnimh trí rialachas comhordaithe agus comhoibríoch ar leibhéal éagsúla agus le páirtithe leasmhara iomadúla agus trí dhea-chleachtas a chomhroinnt i measc na ngníomhaithe uile lena mbaineann.
- (8) Tá sé ríthábhachtach custaiméirí leochaileacha agus daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a shainaithint go cruinn chun bearta tacaíochta éifeachtacha a cheapadh. Tá gá le hathbhreithnithe agus nuashonruithe tráthrialta ar shonraí ábhartha chun a mheas ar cheart do thairbhíthe tacaíocht leanúnach a fháil nó an bhfuil feabhas tagtha ar a staid aonair, agus chun cúnamh spriocdhírítithe a dhíríú go tráthúil orthu siúd atá i ngátar.

Inacmhainne Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa, COM/2025/79 final.

⁶ Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955, *IO L 231*, 20.9.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj>.

⁷ Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE, *IO L 158*, 14.6.2019, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/2025-10-12>.

⁸ Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margáí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE, *IO L*, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj>.

⁹ Moladh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh, *IO L 357*, 27.10.2020, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2020/1563/oj>; Moladh (AE) 2023/2407 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh, *IO L*, 2023/2407, 23.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2023/2407/oj>.

- (9) Chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh, chun custaiméirí leochaileacha a chosaint agus chun díscor a chosc, ní mór tús áite a thabhairt do bhearta struchtúracha fadtéarmacha trí chistiú an Aontais agus trí chistiú náisiúnta. Áirítear ar na bearta sin éifeachtúlacht fuinnimh, rochtain ar fhoinsí in-athnuaite, féintáirgeadh agus tomhaltas fuinnimh, comhroinnt fuinnimh, pobail fuinnimh, mar aon le méadair chliste agus faireachán fuinnimh fíor-ama a chur chun cinn.
- (10) Tá faisnéis agus treoraíocht atá inrochtana go héasca, oiliúint spriocdhírthe, uirlisí simplí agus rannpháirtíocht réamhghníomhach roimh dhíscor fíor-riachtanach chun custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a chumhachtú agus a chosaint. Cuirfidh sé sin feabhas ar fheasacht agus ar mhúinín as soláthróirí.
- (11) Le huirlisí inrochtana digiteacha, lena n-áirítear sonraí tomhaltais atá inléite go cianda, méadair chliste, agus uirlisí idirghníomhaíochta idir soláthróir agus custaiméir, is féidir luathchomharthaí deacrachta íocaíochta a bhrath. Tá maoiniú intuatha uirlisí comhairleacha trédhearcacha agus ionstraimí cúnamh trédhearcacha, mar shampla, ionaid ilfhreastail ina soláthraítear seirbhísí athchóirithe fuinnimh comhtháite, mar a leagtar amach i dTreoir (AE)1275/2024¹⁰ maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais aonair teaghlach leochaileach.
- (12) Faoi imthosca sonracha áirithe agus nuair a dhírítear go soiléir ar theaghlach leochaileacha í, is beart tábhachtach í tacaíocht phoiblí spriocdhírthe dhíreach (e.g. fóirdheontais, dearbháin fuinnimh, cláir tacaíochta spriocdhírthe) chun cuidiú le custaiméirí leochaileacha a mbillí fuinnimh a bhainistiú agus díscor fuinnimh a chosc, i gcomhlántacht le bearta struchtúracha agus fadtéarmacha.
- (13) Chun custaiméirí a chosaint ar dhíscor fuinnimh, is féidir a áireamh ar bhearta reachtacha toirmisc shéasúracha ar dhíscor, cúnamh do chustaiméirí atá ag streachailt le billí fuinnimh, agus coimirce chun iarmhairtí diúltacha na gcóras réamhíocaíochta a sheachaint, amhail costais suiteála agus chothabhála agus a áirithiú nach mbeidh taraifí d'úsáideoirí méadar réamhíochta níos airde ná do chustaiméirí fuinnimh eile.
- (14) Le hAirteagal 27a de Threoir (AE) 2019/944, a tugadh isteach le Treoir (AE) 2024/1711, ceanglaítear ar na Ballstáit córas a thabhairt isteach maidir le soláthróirí na dála deiridh. Le hAirteagal 29 de Threoir (AE) 2024/1788 ceanglaítear ar na Ballstáit córas a thabhairt isteach maidir le soláthróirí na dála deiridh nó bearta coibhéiseacha a dhéanamh chun leanúnachas an tsoláthair a áirithiú do chustaiméirí teaghlach ar a laghad. Ceanglaítear leis na forálacha thuasluaite freisin ar na Ballstáit a áirithiú, i gcás ina n-aistrítear custaiméir deiridh chuig soláthróir na dála deiridh, go gcuirfidh an soláthróir sin a théarmaí agus a choinníollacha in iúl agus go n-áiritheoidh sé leanúnachas rianúil na seirbhíse do na custaiméirí sin ar feadh na tréimhse is gá chun soláthróir nua a aimsiú.
- (15) Tá ról ríthábhachtach ag soláthróirí fuinnimh maidir le custaiméirí leochaileacha a chosaint agus díscor fuinnimh a chosc. Tá sé fíor-riachtanach nósanna imeachta díscóir intuigthe, éasca, céim ar chéim a ghlacadh lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus ar chásanna na gcustaiméirí sin. Is féidir le cóid rannpháirtíochta dheonacha a bhaineann le soláthróirí, comhlachais tomhaltóirí agus oibreoirí córais dáileacháin

¹⁰ Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, *IO L*, 2024/1275, 8.5.2024, *ELI*: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj>.

cuidiú le díscor fuinnimh a chosc, cóir chothrom thrédhearcach do chustaiméirí a chur chun cinn agus rochtain ar fhaisnéis shoiléir agus ar thacaíocht shoiléir a chur ar fáil.

- (16) Chun tuiscint a fháil ar ghnéithe agus raon feidhme staid na gcustaiméirí ar tharla díscor dóibh nó na gcustaiméirí atá i mbaol díscóir, tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar phróisis, rátaí, cúiseanna agus tionchair díscóir, chomh maith le gearáin ó chustaiméirí teaghlaigh. Áirítear leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar na tréimhsí fógra a leagann soláthóirí fuinnimh síos, measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht agus inrochtaineacht pleananna íocaíochta agus ar leibhéal na tacaíochta a chuirtear ar fáil do chustaiméirí leochaileacha. Tá ról tábhachtach ag na húdaráis rialála náisiúnta maidir le faisnéis ábhartha a bhailiú agus a sholáthar de bhun Airteagal 59(1) pointe (o) de Threoir (AE) 2019/944 agus, ar an gcaoi sin, tá siad ríthábhachtach chun a áirithiú go dtabharfar cosaint agus tacaíocht leordhóthanach do na custaiméirí uile trí bhearta éifeachtacha.
- (17) A mhéid a bhaineann le custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh a chosaint le linn céimniú amach gáis nádúrtha a phleanáil agus a chur i gcrích nó nuair atá líonraí dáilte gáis nádúrtha á ndíchoimisiúnú, ceanglaítear le hAirteagal 27 de Threoir (AE) 2024/1788 ar an gCoimisiún treoraíocht a sholáthar do na Ballstáit.
- (18) Is léir ó luaineacht praghsanna fuinnimh le déanaí tar éis chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus ón aistriú ina dhiaidh sin i dtreo allmhairí gáis nádúrtha leachtaithe atá níos costasaí, gur gá dlús a chur leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan inacmhainne a tháirgtear go háitiúil.
- (19) Tá straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha maidir le céimniú amach gáis nádúrtha seolta cheana féin ag roinnt Ballstát, agus é á aithint acu gur próiseas céimneach fadtéarmach a bheidh san aistriú sin.
- (20) Chun slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú, ní mór custaiméirí a chumhachtú chun aistriú ó ghás nádúrtha go roghanna malartacha atá níos glaine agus bunaithe ar leictreachas. Cé go bhféadfadh ról a bheith ag gáis in-athnuaite i limistéir áirithe, meastar go rachaidh codanna móra den líonra dáileacháin gáis atá ann cheana i léig. Chuige sin, beidh gá le díchoimisiúnú bainistithe agus pleanáil straitéiseach infheistíochta chun sócmhainní tréigthe a sheachaint.
- (21) Ba cheart cosaint a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha agus rochtain inacmhainne chuimsitheach ar fhuinneamh glan a áirithiú mar threoirphrionsabal do phróisis chun deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha. Tá sé sin ríthábhachtach chun aistriú rianúil chuig roghanna malartacha fuinnimh níos glaine a áirithiú d'fhormhór na gcustaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh agus chun cosc a chur ar na rioscaí go ndéanfadh taraifí atá ag ardú difear díréireach dóibh agus go nochtfaí a thuilleadh don bhochtaineacht fuinnimh iad.
- (22) Tá gá le comhordú éifeachtach idir údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, oibreoirí gáis, agus oibreoirí ábhartha eile san earnáil leictreachais agus san earnáil téimh agus fuaraithe, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara áitiúla, chun cur chuige coiteann, trasearnála agus comhtháite pleanála córais a áirithiú maidir le deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha, bunaithe ar chásanna comhroinnte maidir le héabhlóid an tsoláthair agus an éilimh fuinnimh ar fud na n-earnálacha fuinnimh uile agus arna bhforbairt le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile. Thacódh comhordú den sórt sin le pleanáil agus cur chun feidhme comhsheasmhach, lena

n-áirítear le haghaidh infhaighteacht acmhainní leordhóthanacha agus rochtain ar mhaoiniú d'údaráis áitiúla mar phríomhchumasóirí, chomh maith le straitéisí líonra fadtéarmacha atá solúbtha agus trédhearcach a fhorbairt.

- (23) Tá an baol ann go gcruthófar frithsheasmhacht shóisialta agus mímhúinín i dtairbhí an leictirithe agus an neamhspleáchais fuinnimh le próisis atá ullmhaithe, curtha in iúl nó curtha chun feidhme go dona. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit daoine a chur i lár an aonaigh agus a gcuid oibre a bhunú ar phrionsabail choiteanna maidir le cosaint tomhaltóirí, trédhearcacht, cothroime, inrochtaineacht, inacmhainneacht agus rannpháirtíocht an phobail.
- (24) Tá difríocht idir na Ballstáit maidir lena spleáchas ar ghás nádúrtha, maidir le saintréithe a stoic foirgneamh, maidir leis an gcaoi a bhfuil céimniú amach coirí breosla iontaise á chur chun feidhme acu de bhun Airteagal 17(15) de Threoir (AE) 2024/1275, agus maidir lena n-acmhainneacht tacú le teaghlaigh leochaileacha. Ní mór dóibh na beartais agus na bearta a leagan amach ina bPleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh chun an céimniú amach sin a bhaint amach in 2040. Léireofar sna conairí náisiúnta na cúinsí sonracha náisiúnta agus áitiúla agus cloífear leis na comhphrionsabail sin an tráth céanna.
- (25) Is féidir ionstraimí cistiúcháin atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a úsáid chun tacú le cur chun feidhme cothrom agus cuimsitheach an chéimnithe amach le haghaidh gás nádúrtha, amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste um Aistriú Cóir, i gcomhréir le prionsabail na comhlántachta agus an tsimplithe riaracháin.
- (26) Chun freagairt do chuspóirí an phlean gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne agus do thiomantas an Choimisiúin do rialáil níos fearr, do chur chun feidhme agus do shimpliú¹¹ agus do chomhleanúnachas beartais, is é is aidhm don Mholadh seo an cur chun feidhme a chuíchóiriú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil trí threoraíocht shoiléir phraiticiúil a sholáthar, trí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint agus trína áirithiú go mbeidh bearta inrochtana agus éasca le tuiscint ag daoine aonair agus ag údaráis araon.
- (27) I gcomhréir le Colún Eorpach na gCearta Sóisialta agus le Straitéis an Aontais um Chomhionannas Inscne 2020-2025, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, chomh maith le cearta míchumais, a chur chun cinn le dearadh agus cur chun feidhme na mbearta lena gcuirtear deireadh de réir a chéile le gás nádúrtha.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar do na Ballstáit na bearta seo a leanas a dhéanamh:

Custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a chosaint ar dhíscor fuinnimh:

I. Trasuí, Sainmhíniú agus Sainaitint

¹¹ Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM/2025/47 final.

1. **Trasuí iomlán, comhsheasmhach agus tráthúil** fhorálacha uile an Aontais maidir le custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a áirithiú a **luaithe is féidir**, go háirithe Airteagail 28 agus 28a de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 28 de Threoir (AE) 2024/1788, lena ráthaítear leibhéal coibhéiseach cosanta san earnáil leictreachais agus san earnáil gáis araon. Ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht a áirithiú ó mhargadh fuinnimh go chéile agus a áirithiú nach gcaillfidh aon tomhaltóir rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha fuinnimh mar gheall ar dhifriochtaí rialála earnála.
2. **Incháilitheacht le haghaidh tacaíocht** do chustaiméirí leochaileacha agus dóibh siúd atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a **bhunú** ar shonraí soiléire, oibiachtúla, iontaofa agus tráthúla lena léirítear gnéithe iomadúla na leochaileachta. Ba cheart sonraí socheacnamaíocha, fuinnimh, aeráide, tógála, sláinte agus compoird theirmigh a chomhtháthú sa mheasúnú incháilitheachta agus a chomhlánú le foinsí imdhealaithe (e.g. méadair chliste nó braiteoirí cliste) agus le sonraí institiúideacha áitiúla. Fágann sé sin gur féidir critéir incháilitheachta a fhorbairt lena n-áirithítear cur chuige iomlánaíoch, lena léirítear staid iomlán teaghlaigh. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit sásraí incháilitheachta uathoibríocha a úsáid trí sonraí a chomhroinnt idir na húdaráis ábhartha chun an t-ualach riaracháin agus an stiogma a laghdú. Ba cheart próisis féinaitheantais chomhlántacha a bheith simplí agus inrochtana i gcónaí trí bhealaí éagsúla (ar líne, teileafón, post nó duine le duine).
3. **Critéir incháilitheachta agus scéimeanna tacaíochta a athbhreithniú** agus a thabhairt cothrom le dáta go minic chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith deaspriocdhírthe agus éifeachtach agus chun aon mhí-úsáid próisis a chosc. Ba cheart sonraí a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun athruithe ar ioncam, ar chomhdhéanamh teaghlaigh, ar stádas sláinte nó fostaíochta, agus ar an gcuid eile de na sonraí dá dtagraítear i Moladh 2, a ghabháil.

II. Díscor a Chosc

4. **Tosaíocht a thabhairt do bhearta struchtúracha fadtéarmacha** amhail feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, glacadh fuinnimh in-athnuaite, féintomhaltas fuinnimh, comhroinnt fuinnimh agus rannpháirtíocht i bpobail fuinnimh, le tacaíocht ó mhéadair chliste agus ó fhaireachán fíor-ama. I gcás inar gá, na bearta sin a chomhlánú le tacaíocht phoiblí dhíreach spriocdhírthe agus shealadach – lena n-áirítear cúnaimh airgeadais spriocdhírthe – chun cuidiú le custaiméirí leochaileacha billí fuinnimh a bhainistiú agus díscor a sheachaint.
5. **Feabhas a chur ar fhaisnéis agus feasacht tomhaltóirí** trí threoraíocht agus oiliúint shoiléir a chur ar fáil maidir le cearta agus oibleagáidí, litearthacht fuinnimh, billeáil, athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile agus tacaíocht cruatain, agus trí fheabhas a chur ar ghlacadh na dtairbhí atá ann cheana agus ar an bhfeasacht orthu. Ba cheart do na Ballstáit cistiú leordhóthanach a áirithiú d'ionaid ilfhreastail agus do sheirbhísí comhairleacha a chuidíonn le teaghlaigh ar ioncam íseal agus le teaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de, i gcomhréir le treoraíocht ón Aontas maidir le seirbhísí athchóirithe comhtháite¹².
6. **Sásraí luathrabhaidh a thabhairt isteach chun leochaileachtaí a bhrath:** Ba cheart do na Ballstáit soláthróirí agus oibreoirí córais dáileacháin a spreagadh chun

¹² Moladh (AE) 2026/536 ón gCoimisiún an 10 Márta 2026 le treoraíocht phraiticiúil maidir le seirbhísí ionad ilfhreastail le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, *IO L 536*, 11.03.2026, *ELI*: <http://data.europa.eu/eli/reco/2026/536/oj>.

córais a bhunú chun custaiméirí teaghlaigh atá i mbaol neamhíocaíochta a shainnadh go luath, bunaithe ar aimhrialtachtaí tomhaltais nó riaráistí. Ba cheart do na córais sin teagmháil choisctheach agus thacúil, comhairle fuinnimh nó tarchur chuig cúnamh sóisialta a spreagadh sula n-eiseofar aon fhógra foirmiúil díscóir.

III. Cosaint ar dhíscor

7. **Coimircí reachtacha iomchuí a ghlacadh**, lena n-áirítear:
 - (a) toirmisc shéasúracha ar dhíscor agus díolúintí a bhfuil údar leighis leo, arna sainiú de réir dálaí náisiúnta aeráide agus sóisialta, agus toirmeasc ar dhíscor ó cheann ceann na bliana do chustaiméirí a bhfuil cúiseanna sláinte acu lena mbaineann spleáchas criticiúil ar threalamh leighis a chumhachtaítear le leictreachas;
 - (b) cúnamh saincheaptha do chustaiméirí atá i riaráistí nó atá i mbaol riaráistí, lena n-áirítear pleananna íocaíochta, tacaíocht bainistithe fiachais agus, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, faoiseamh fiachais, chomh maith le bearta chun táillí díscóir agus athcheangail a theorannú nó a tharscaoileadh;
 - (c) rialacha lena n-áirithítear nach ndéanfar díscor i gcás ina bhfuil bille á dhíospóid go foirmiúil agus gan réiteach, i gcás ina bhfuil plean íocaíochta á chaibidliú, nó i gcás ina gcomhlíonann an custaiméir plean íocaíochta comhaontaithe, laistigh de theorainn chearta agus oibleagáidí conarthacha na bpáirtithe a bheith á n-urramú go hiomlán; agus
 - (d) rialacha lena n-áirithítear nach bhforchuireann córais réamhíocaíochta taraifí níos airde ná costais fholaithe agus go ndéantar fiacha gan íoc a aisghabháil trí nósanna imeachta comhréireacha agus cothroma.
8. **Córais éifeachtacha soláthróra na dála deiridh a áirithiú lena ráthófar leanúnachas an tsoláthair**, a bheidh teoranta d'úsáid shealadach, le haistriú uathoibríoch agus láithreach chun suaitheadh seirbhíse a chosc, agus cumarsáid thrédhearcach agus faisnéis thrédhearcach a chuirtear ar fáil do chustaiméirí chun a áirithiú nach gcuirfear iad ar rátaí mainneachtana costasacha agus go mbeidh rochtain acu ar na huirlisí agus ar na hacmhainní is gá chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoina soláthar fuinnimh.
9. **Cleachtas fhreagracha soláthróirí a chur chun cinn** trí spreagadh a thabhairt nósanna imeachta soiléire, céim ar chéim um dhíscor, tréimhsí réasúnta fógra, agus – i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil – tréimhse soláthair íosta leictreachais choigeartaithe a ghlacadh a bheidh leordhóthanach chun bunriachtanais a chumhdach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go gcuirfidh soláthróirí comhairle shaincheaptha ar fáil maidir le cúnamh i ndáil le billí fuinnimh agus na tairiscintí is oiriúnaí, le cumarsáid shoiléir i dteangacha agus i gcainéil éagsúla.
10. **Cóid rannpháirtíochta dheonacha a spreagadh** idir soláthróirí, comhlachais tomhaltóirí agus oibreoirí córais dáileacháin chun cothroime, trédhearcacht agus comhar a chur chun cinn maidir le díscor a chosc.

IV. Rialachas, faireachán agus meastóireacht

11. **Rialachas comhordaithe il-leibhéil a áirithiú** ina mbeidh údarais náisiúnta agus áitiúla, seirbhísí tacaíochta sóisialta, soláthróirí, seirbhísí ombudsman agus

eagraíochtaí tomhaltóirí rannpháirteach chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus idirghabhálacha a chomhordú.

12. **Sainordú a thabhairt d'údaráis rialála** faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar rátaí díscor, anailís a dhéanamh ar ghearáin, agus measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht tréimhsí fôgra soláthróra agus roghanna pleananna íocaíochta.
13. **Táscairí cuimsitheacha agus córais bailithe sonraí a fhorbairt** lena gcumhdófar díscor agus féin-díscor araon, arna ndí-chomhiomlánú de réir saintréithe teaghlaigh agus stádas socheacnamaíoch, inscne, eitneachta agus sláinte chun bearnaí a shainaithint, meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a threorú.
14. **Machnamh a dhéanamh ar bhearta coisctheacha agus cosanta in aghaidh díscor fuinnimh a mhéadú** i gcás inarb iomchuí, ionas go mbeidh feidhm acu sin ní hamháin maidir le teaghlaigh atá i mbaol ach freisin maidir le catagóir níos leithne tomhaltóirí a bhféadfadh dúshlán inacmhainneachta fuinnimh a bheith rompu, amhail teaghlaigh ar ioncam íseal atá i mbaol riaráistí nó a bhfuil suaitheadh tobann ioncaim rompu.
15. **Cistiú ón Aontas agus cistiú náisiúnta a shlógadh:** Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na deiseanna cistiúcháin éagsúla, lena n-áirítear an Ciste Aeráide Sóisialta, chun bearta coisctheacha agus cosanta in aghaidh díscor fuinnimh a mhaoiniú, lena n-áirítear bearta struchtúracha, tacaíocht spriocdhírthe, uirlisí digiteacha le haghaidh luath-idirghabhála, agus oiliúint d'oibrithe sóisialta agus do thomhaltóirí.

Cosaint a áirithiú do chustaiméirí leochaileacha agus do chustaiméirí a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh le linn céimniú amach gáis nádúrtha a phleanáil agus a chur i gcrích nó nuair atá líonraí dáilte gáis nádúrtha á ndíchoimisiúnú

I. Creataí dlíthiúla agus beartais cumasúcháin a bhunú chun deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha ar bhealach rianúil cothrom

16. Trasuí agus cur i bhfeidhm iomlán, comhsheasmhach agus tráthúil fhorálacha Airteagail 13, 55 agus 57 de Threoir (AE) 2024/1788 a áirithiú ar bhealach comhordaithe agus comhsheasmhach a áirithiú idir pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh agus straitéisí téimh agus fuaraithe, d'fhonn forbairt chomhleanúnach, éifeachtúil agus chothrom na líonraí leictreachais, teasa agus gáis a chumasú ar gach leibhéal rialachais.
17. Straitéisí agus beartais a dhearadh chun deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha agus na tairbhí a thabharfaidh siad do thomhaltóirí agus don tsochaí á gcur san áireamh agus d'fhonn aistear custaiméara na dteaghlach lena mbaineann a bharrfheabhsú.
18. Tús áite a thabhairt do choigilteas fuinnimh, d'athchóiriú foirgneamh agus do réitigh téimh ghlain mar bhearta éifeachtúla chun custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a chosaint ar luaineacht praghsanna fuinnimh agus ar chostais breosla iontaise, lena n-áirítear praghsáil carbóin.
19. Pleanáil chuimsitheach agus comhordú cuimsitheach a bhunú idir údaráis riaracháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile a

rannpháirtíú, lena n-áirítear oibreoirí fuinnimh, údarais rialála náisiúnta, eagraíochtaí tomhaltóirí, comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus cónaitheoirí i ngach céim den phróiseas chun deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha. I gcás inarb ann do struchtúir den sórt sin, féadfaidh gníomhaireachtaí fuinnimh áitiúla nó réigiúnacha nó comhlachtaí comhchosúla tacú leis an bpróiseas sin, i gcomhréir leis na ról a shanntar dóibh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

20. Aga tionscanta leordhóthanach a thabhairt do na gníomhaithe ábhartha uile chun céimniú amach gáis nádúrtha a phleanáil agus a chur chun feidhme, is é sin 10 mbliana ar a laghad más féidir, go háirithe i réigiúin atá ag brath go mór ar ghás nádúrtha. Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'éileamh ar ghás nádúrtha a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh, leictriú agus glacadh teicneolaíochtaí glana, díscor deonach, agus toirmisc ar naisc nua gháis a chur chun cinn, agus roghanna malartacha glana á ndéanamh níos tarraingtí an tráth céanna, lena n-áirítear trí chánachas, deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreosláí iontaise agus trí dreasachtaí spriocdhírthe chun aistriú chuig teicneolaíochtaí malartacha.
21. Tacú le réitigh aonair (amhail teaschaidéil agus grianfhuinneamh teirmeach) agus le córais chomhchoiteanna (amhail téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil, tionscadail gheoiteirmeacha chomhroinnte nó tionscadail dramhtheasa chomhroinnte) agus béim á leagan ar inacmhainneacht do theaghlaigh agus do réigiúin ar ioncam íseal.
22. Cumhacht a thabhairt do bhordais a bheith ina bpríomhchumasóirí do phróisis chun deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha go háitiúil. I gcás inarb ábhartha, úsáid a bhaint as na pleananna áitiúla téimh agus fuaraithe a cheanglaítear le hAirteagal 25.6 de Threoir (AE)2023/1791 do bhordais a bhfuil níos mó ná 45 000 áitritheoir iontu mar chreat oibríochtúil chun roghanna malartacha a shainithint agus chun tacú le pobail áitiúla.
23. Tacaíocht theicniúil agus riaracháin spriocdhírthe a chur ar fáil, go háirithe do bhordais bheaga agus mheánmhéide chun teorainneacha riaracháin agus airgeadais a shárú maidir le próisis chun deireadh a chur le húsáid gáis nádúrtha de réir a chéile a phleanáil agus a chur chun feidhme. Ba cheart oiliúint, cúnaimh teicniúil comhthiomsaithe agus rochtain ar chláir thacaíochta an Aontais a áireamh sa tacaíocht sin.
24. Pobail fuinnimh agus tionscnaimh comhroinnte fuinnimh a chur chun cinn trí rialacha soiléire simplí a bhunú, costais agus ualach riaracháin a laghdú, dreasachtaí airgeadais agus rochtain ar theicneolaíocht a chur ar fáil, agus cuimsitheacht shóisialta a áirithiú i rannpháirtíocht agus i gcomhroinnt tairbhí.
25. Aghaidh a thabhairt ar fhadhb na dreasachta deighilte i dtithe ar cíos trí leasanna tiarnaí talún agus tionóntaí a ailíniú trí bhearta rialála, uirlisí maoinithe spriocdhírthe agus dreasachtaí le haghaidh athchóirithe.
26. Deireadh a chur le bacainní ar athchóiriú foirgneamh i bhfoirgnimh ilárasán trí rochtain ar mhaoiniú agus ar chinnteoireacht a shimpliú do struchtúir chomhúinéireachta. Athchóirithe cuachta nó athchóirithe ar leibhéal ceantair a spreagadh chun barainneachtaí scála a bhaint amach agus chun inacmhainneacht agus compord a fheabhsú.
27. Comhsheasmhacht a áirithiú idir na sainmhínithe ar 'chustaiméirí leochaileacha' agus ar 'bhochtaineacht fuinnimh' idir na hearnálacha gáis agus leictreachais, lena léirítear beartais náisiúnta shóisialta agus tithíochta na mBallstát.

28. A áirithiú go ndéanfar custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá bocht ó thaobh fuinnimh de agus a bheidh fós nasctha leis an líonra gáis a chosaint ar mhéaduithe iomarcacha ar tharaifí. Chuige sin, a áirithiú go dtabharfar de chumhacht d'údaráis rialála náisiúnta treoirlínte a bhunú maidir le cur chuige struchtúrach i leith dímheas sócmhainní a dhíchoimisiúnaítear roimh a saolré a réamh-mheasadh ar dtús, agus maidir le socrú taraifí.

II. Rannpháirtíocht agus cumhachtú tomhaltóirí a fheabhsú

29. Cumarsáid luath, thrédhearcach agus chuimsitheach le teaghlaigh a áirithiú i gcomhthéacs deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha. Ba cheart straitéisí cumarsáide agus rannpháirtíochta a chur in oiriúint do ghrúpaí éagsúla sóisialta agus ioncaim, go háirithe custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá bocht ó thaobh fuinnimh de.
30. Cinntí áitiúla agus réigiúnacha a fhógairt maidir le céimniú amach ar a laghad 10 mbliana roimh ré, lena gcuirfear treochlár intuartha ar fáil maidir le príomhgharspriocanna amhail toirmisc nua ar naisc, deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais agus díchoimisiúnú líonraí.
31. Faisnéis shoiléir inrochtana a chur ar fáil do theaghlaigh maidir le cúiseanna, amlínte, cearta agus oibleagáidí, bearta tacaíochta agus tairbhí an aistrihe, amhail billí fuinnimh níos ísle, tithe níos sláintiúla agus níos compordaí, slándáil fuinnimh níos fearr agus maolú ar an athrú aeráide.
32. A áirithiú go gcuirfear teaghlaigh ar an eolas faoi gach rogha inmharthana fuinnimh, lena n-áirítear an ról a d'fhéadfadh a bheith ag gáis in-athnuaite, réitigh chomhchoiteanna teasa agus conairí leictriúcháin, agus faoi thairbhí na héifeachtúlachta fuinnimh.
33. Ionaid ilfhreastail a shainítear i dTreoracha (AE) 2023/1791 agus (AE) 2024/1275 a neartú ionas gur féidir leo gníomhú mar phointí teagmhála lárnacha do theaghlaigh chun saineolas sonrach agus tacaíocht spriocdhírthe a sholáthar a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le gás nádúrtha, lena n-áirítear tacaíocht mhaoiniúcháin atá ar fáil agus roghanna téimh agus cócaireachta glana.
34. Straitéisí céimnithe amach gáis nádúrtha a dhearadh lena gcomhcheanglaítear feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh le húsáid teicneolaíochtaí glana. Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt freisin do thacaíocht do theaghlaigh leochaileacha agus ar ioncam íseal trí dheontais, trí chineálacha cur chuige nach deontais iad, trí mhaoiniú cliste, trí iasachtaí ar ús íseal agus trí scéimeanna tacaíochta spriocdhírthe athraitheacha le haghaidh teicneolaíochtaí glana atá nasctha le táscairí ioncaim nó sóisialta, lena n-áirítear cothroime agus cothromas sóisialta.

III. Obair leantach

35. Tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn maidir le hullmhú agus cur chun feidhme pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla chun deireadh a chur le húsáid gáis nádúrtha de réir a chéile agus ar an obair leantach ar an Moladh seo trí na pleananna náisiúnta aeráide agus fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta - mar chuid de mheasúnú cuimsitheach na mBallstát ar phleananna téimh agus fuaraithe agus ar straitéisí náisiúnta athchóirithe foirgneamh a áirítear iontu, agus ag tógáil ar phleananna áitiúla téimh agus fuaraithe.

36. Dea-chleachtais agus sonraí maidir le tionchair shóisialta, inacmhainneacht agus cosaint tomhaltóirí a chomhroinnt trí thionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht (EPAH) agus Cúnant na Méaraí.
37. Úsáid a bhaint as ardáin an Aontais atá ann cheana amhail EPAH agus an Spás Coiteann Eorpach Sonraí Fuinnimh atá ag teacht chun cinn chun tacú le faireachán, trédhearcacht a áirithiú, agus sonraí inchoimparáide maidir le tionchair shóisialta agus fuinnimh a chomhroinnt.
38. Oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún, le húdaráis rialála agus le páirtithe leasmhara na sochaí sibhialta chun cur chuige comhsheasmhach, cothrom agus cuimsitheach a áirithiú ar fud an Aontais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.4.2026

Thar ceann an Choimisiúin
Dan JØRGENSEN
Comhalta den Choimisiún

